

| | | |
|--|--|---|
| Preasráiteas Press Release 08.01.2025 | Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 | *Leagan Béarla le foilsiú English summary tbp. |
|--|--|---|

Ceiliúradh Ghaeilge Iorrais 2025:

Ceol, amhránaíocht, seanchas, damhsa & neart eile i nGaeilge!

Tá Gaeilge Iorrais ag eagrú sraith imeachtaí mar chuid de dheireadh seachtaine speisialta i lár mhí Eanáir chun ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr, oidhreacht agus pobal na Gaeltachta seo. Cuirfear béim faoi leith ar na healaíona dúchasacha agus deiseanna sóisialaithe i nGaeilge a chur ar fáil d'óige agus do mhuintir na Gaeltachta seo. I measc na n-imeachtaí atá ar na bacáin againn ón Aoine 17 – Domhnach 19 Eanáir 2025 do pháistí agus do dhaoine fásta, tá;

- Lá spraoi do pháistí óga na scoileanna Gaeltachta in Iorras maraon le seisiún ceoil agus amhránaíochta na n-óg a bheidh ar siúl in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, Dé hAoine 17 Eanáir 2025.
- Ceardlanna do dhaoine óga sa damhsa, sa drámaíocht, in amhránaíocht ar an sean-nós agus sa scéalaíocht i Solas ar an Eachléim Dé Sathairn 18 Eanáir 2025.
- Ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós do dhaoine fásta leis an aoi speisialta Caitriona Ní Cheannabháin i Solas na hEachléime Dé Sathairn 18 Eanáir 2025 @ 2.30.
- Tionólfar teacht le chéile speisialta do dhaoine fásta 'Soirée na nGael' sa Trá Bhuí i nDumha Thuama oíche Dé Sathairn ó 8 i.n. Beidh taispeántas ó dhamhsóirí Iorrais, seisiún ceoil le plúr na gceoltóirí áitiúla, céilí craiceáilte agus oíche airneáin.
- Leanfaidh an ceiliúradh ar aghaidh sa tSeanscoil i gCeathrú Thaidhg Dé Domhnaigh 19 Eanáir. Reáchtálfar tionóil le pléphainéal ar chanúintí Iorrais le scoth na gcainteoirí áitiúla agus aoi speisialta Helen Nic Aoidh. Ag an am céanna, beidh cóisir na féile ar siúl do pháistí (aois 3 – 12). Cuirfear clabhsúr leis an deireadh seachtaine le seisiún ceoil slán abhaile.

Is mian le Gaeilge Iorrais ceiliúradh a dhéanamh ar an dul chun cinn go léir atá déanta againn mar phobal Gaeltachta ó cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga sa cheantar seacht mbliana ó shin. Ba mhaith linn deis agus spreagadh a thabhairt do phobal an cheantair sult a

bhaint as saibhreas agus as cultúr sainsiúil na Gaeltachta seo i gcomhlúadar a chéile. Tá súil ag Gaeilge Iorrais go dtapóidh lucht labhartha na Gaeilge sa cheantar an deis camchuart a thabhairt ar phócaí éagsúla na Gaeltachta seo agus iad ag freastal ar na himeachtaí éagsúla i gcaitheamh an deireadh seachtaine.

Tá borradh as an nua tagtha ar na healaíona traidisiúnta sna bólaí seo le blianta beaga anuas, i measc an aosa óig ach go háirithe. Faigheann Gaeilge Iorrais tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle chun scéim amhránaíochta ar an sean-nós a reáchtáil i scoileanna Gaeltachta Iorrais le teagasc ón amhránaí áitiúil Síle Uí Mhongáin. Beidh deis againn sult a bhaint as torthaí na hoibre sin agus cur leis mar chuid den Cheiliúradh chomh maith.

Tá Gaeilge Iorrais thar a bheith buíoch do chuile dhuine agus do chuile dhream a thugann tacaíocht dúinn. Tá buíochas faoi leith ag dul do na hionaid seo a leanas a bheidh ag obair i gcomhar linn mar chuid den Cheiliúradh; Áras Inis Gluaire Béal an Mhuirthead, Solas ar an Eachléim, Halla Naomh Bhreandáin, CFID Eachléim, Trá Bhuí Dumha Thuama/Craobh Iorrais de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, Comhar Dún Chaocháin Teo, an tSeanscoil Ceathrú Thaidhg, scoileanna Gaeltachta Iorrais, leabharlann Bhéal an Mhuirthead, oifig na Gaeilge, comhairle contae Mhaigh Eo, Ealaín na Gaeltachta.

Breis eolais

- Ócáid don teaghlach a bheidh i seisiún na n-óg in Áras Inis Gluaire Dé hAoine 17.01.25 do thuistí agus páistí in éineacht.
- Ní bheidh aon chostas ar na himeachtaí ach caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge a bheidh i bhfeidhm. Caithfear clárú d'imeachtaí na bpáistí, eadhon (i) ceardlann na n-óg ar an Eachléim (Satharn 18.01.25) agus (ii) cóisir na féile do pháistí i gCeathrú Thaidhg (Domhnach 19.01.25). Breis eolais oifig.gi@gmail.com
- Maidir leis an gceardlann amhránaíochta do dhaoine fásta le Caitriona Ní Cheannabháin, is leor téacs nó rphost a chur chuig Éimear ag 085 – 250 3321 nó oifig.gi@gmail.com chun áit a chur in áirithe.
- Roinnfear an t-eolas is deireanaí agus aon leasuithe @gaeilgeiorrais ar na meáin shóisialta.

Mar sin, má tá fonn ort féin nó ar do pháiste freastal ar gceiliúradh speisialta seo, blaiseadh a fháil de na healaíona traidisiúnta i nGaeltacht Iorrais agus casadh le daoine eile le Gaeilge – bígí linn ón Aoine 17 – Domhnach 19 Eanáir.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,
Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.